# ELeathanach 422

Dé Luain, an 7 Samhain 2022

### *Hocus Pocus 2*

Naoi mbliana agus fiche ó shin bhí an scannán *Hocus Pocus* ar ár scáileáin. Le déanaí, chuala muid go raibh na haisteoirí Sarah Jessica Parker, Bette Midler agus Kathy Najimg ar ais arís in Salem do *Hocus Pocus 2*.

Is caillí iad sa scannán agus seans gur fhéach daoine ar an scannán ar Oíche Shamhna!

Scannán fantaisíochta grinn atá ann. Taitníonn an scannán lena lán daoine. Chuir sé an scannán ó 1993 i gcuimhne do dhaoine fásta agus iad ag breathnú air.

Dúirt roinnt léirmheastóirí nár thaitin an plota leo ach uaireanta bíonn léirmheastóirí dian ar scannáin.









### Tacsaithe ag eitilt


Níor chreid ár súile an tastáil a tharla in Dubai le déanaí. Bhreathnaigh céad go leith duine ar an gcéad tacsaí ag eitilt ar domhan!

Mar is eol do chách, tá clú agus cáil ar Dubai agus a gcumas chun rudaí nua a chruthú, ach fós bhí ionadh an domhain ar dhaoine tacsaí a fheiceáil sa spéir.

Tá an tacsaí déanta i gcruth deoire. Is féidir le beirt taisteáil ann ag aon am amháin. Is carr leictreach é. Is féidir leis tosú agus tuirlingt gan aon charbón a scaoileadh san air.

Seans go mbeidh muid ag eitilt ar scoil roimh i bhfad!






### Ainmhithe ag éisteacht linn!

Is cosúil go bhfuil ainmhithe - madraí agus cait, mar shampla - in ann níos mó a thuiscint ná mar a cheap muid!

Le blianta anuas, tuigeann daoine gur féidir le madraí daoine a thuiscint agus treoracha a leanúint.

Le déanaí, sa Fhrainc, rinne taighdeoirí staidéar ar chait, ag féachaint ar na nósanna a bhí acu nuair a labhair daoine leo. Bhí na cait an-tógtha nuair a chuala siad a n-úinéir ag labhairt leo. Níor fhreagair siad do ghuthanna eile den chuid is mó.

Is léir ón staidéar seo agus ó chinn eile go dtaitníonn abairtí gearra le madraí agus le cait! Tugann siad "caint na bpeataí" ar an teanga seo!



cait

**Is liomsa an cat. Is mise an t-úinéir.**



Ollscoil Mhá Nuad

Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,

Coláiste Mhuire, BÁC 7

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta